II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1005 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Meitheamh 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle ([2]) tugtar éifeacht do na bearta dá bhforáiltear le Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 16 Aibreán 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2571 (2021). Meabhraigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2174 (2014), inar cinneadh go bhfuil feidhm ag na bearta a leagtar amach i Rún 1970 (2011) freisin maidir le daoine aonair agus eintiteas atá i mbun gníomhartha nó a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhartha seachas iad siúd a shonraítear i Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar ghníomhartha iad lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Libia i mbaol, nó lena gcuirtear bac ar a haistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó lena mbaintear an bonn den chur i gcrích sin. Chuir sí i dtreis freisin go bhféadfaí a áireamh ar na gníomhartha sin bac a chur ar na toghcháin atá beartaithe i dtreochlár Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó an bonn a bhaint díobh.

(3) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1014 ([3]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333, inar shoiléirigh sí go gcuimsítear leis na critéir maidir le bearta sriantacha a chur i bhfeidhm freisin daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a chuireann bac ar na toghcháin atá beartaithe atá beartaithe i dtreochlár Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó a bhaineann an bonn dóibh.

(4) Tagann cuid de na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir sin,

---

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.

([2]) Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO L 12, 19.1.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/1014 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (féach leathanach 38 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2016/44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) atá i mbun gníomhartha nó a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhartha lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Libia i mbaol, nó lena gcuirtear bac ar a haistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó lena mbaintear an bonn den chur i gcrích sin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

(i) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh sa Libia ar gníomhartha iad a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine is infheidhme nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme, nó gníomhartha ar sáruithe iad ar chearta an duine, sa Libia;

(ii) ionsaithe a dhéanamh ar aon aerfort, port talún nó calafort sa Libia, nó ar institiúid stáit nó bunáit stáit de chuid na Libia, nó ar aon mhisean taidhleoireachta sa Libia;

(iii) tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí armtha nó do líonraí coiriúla trí amhola nó aon acmhainn nádúrtha eile a shaothrú go haindleathach sa Libia;

(iv) bagairt a dhéanamh ar institiúidí airgeadais Stát na Libia agus ar Cuideachta Náisiúnta Ola na Libia nó iad a chomhéigniú, nó dul i gceann gníomhartha a bhféadfadh míleithreasú cistí de chuid Stát na Libia a theacht as nó a bheith mar thoradh air;

(v) forálacha an trádbhaic arm sa Libia, a bunaíodh le UNSCR 1970 (2011) agus le hAirteagal 1 den Rialachán seo a shárú nó cúnamh a thabhairt i seachaint na bhforálacha sin;

(vi) bac a chur ar na toghcháin a bhfuil pleanáil déanta lena n-aghaidh i bplean oibre Fhóram Idirphlé Polaitiúil na Libia nó an bonna bhaint dóibh.

(vii) a bheith ina ndaoine, ina n-eintitis nó ina gcomhlachtaí atá ag gníomhú ar son nó thar ceann nó faoi stiúir aon cheann de na daoine, eintitis nó comhlachtaí a luaitear thuas, nó a bheith ina ndaoine, ina n-eintitis nó ina gcomhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu sin nó ag daoine, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II nó III; nó’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES